A-tú i gcogadh rem chairdibh

[McKenna, L.: *Dán Dé: The poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the duanaire of the Yellow Book of Lecan*, Dublin, 1922, poem 13]

Tadhg Óg Ó hUiginn

1 A-tú i gcogadh rem chairdibh
ní hó inntinn easchairdigh
mo lucht comtha ar clár nimhe
mo ghrádh ortha is m’oirbhire.

2 ’S iad féin i measg a meanma
i dtimcheall a dTighearna
ní laghaim dom lucht fáirte
a bhfaghaim d’ulc m’easláinte.

3 Gidh doirbh fulang a bhfuair mé
d’easláinte d’éis a chéile
beag nach doilghe a Dhé do nimh
gan mé ar chuimhne ’gum chairdibh.

4 Gan charaid ag congnamh linn
ceadh nach ísleoghadh mh’inntinn
ní fhéad mé a trian do thuirimh
mo phian re sé seachtmhuinibh.

5 Feadh mo ghalair níor ghabh leam
Pádraig absal na hÉireann
mo sheise naoimh gus a-niogh
níor shaoil meise ná ar muinntear.

6 Aithreach dhamh nach dearna mé
toil Íosa d’iarraidh sláinte
tig croidhe Dé ar gach nduine
mé a Mhoire ní mhothuighe.

7 Ní thug fós é dá aire
is í cúis mo chorraighe
Eoin Baisde gidh hé as annsa
mé i ngaisde ’gun ghalarsa.

8 A-tá toirrcheas d’fheirg fholaigh
agam ris na hasbolaibh
gidh bé neimhdhéine do neinn
deirbhéile é ó inntinn.

9 Peadar is Pól asbal

comaoin damh a ndearmad-san
ní mé nar dhearmaid an dias
a-dearmaid é re hAinnrias.

10 San Doiminic do dhearmaid mé
mó mh’éagnach ar Eoin Bruinne
leasg damh gan mh’aire ortha
dá rabh caidhe an comhartha.